

❖ An Lúibín ❖

19 Aibreán 2011

Comhdháil Ghaeilge

Is gearr ó bhí an American Conference for Irish Studies (ACIS) ar siúl in Ollscoil Madison in Wisconsin (30 Márta – 2 Aibreán), agus timpeall 350 duine ann. *Global Networks and Local Ties* a bhí mar théama ag an gcomhdháil, agus painéal acadúil ag plé ‘The Irish Language Abroad,’ seacht nOllamh Gaeilge ó ollscoileanna éagsúla i Meiriceá ag cíoradh na ndeacrachtaí agus na mbuntáistí a bhaineann le múineadh na Gaeilge i Mheiriceá Thuaidh. Ag seo cuid dá raibh i láthair: Brian Ó Conchubhair ó Ollscoil Notre Dame, John Gleeson ó Ollscoil Wisconsin in Milwaukee, Nancy Stenson ó Ollscoil Minnesota, Shane Curran agus Fintan Moore ó Ollscoil St. Thomas, Minnesota, agus Brian Ó Broin ó Ollscoil William Patterson i Nua Gheirsí.

Is deacair i gcónaí breis daoine a mhealladh chun na ranganna, ach síleadh, mar sin féin, go raibh dul chun cinn á dhéanamh. Ba dhóigh leis an slua agus leis na hacadóirí araon gur chóir eagraíocht a chur ar bun i Nua Eabhrac, áit a mbeadh oifig amháin i bhfeighil na Gaeilge i Mheiriceá agus a thabharfadh céim suas don teanga ar fud na tíre. Bheadh an oifig in ann cabhair a thabhairt do mhúinteoirí Ghaeilge ar fud na Stát Aontaithe agus Cheanada.¹

Bímis ag súil go dtiocfaidh rath ar an obair seo, go háirithe nuair a chuimhnímid nach bhfuil ach ollscoil amháin san Astráil (Sydney) atá ag múineadh na Gaeilge mar chuid de chúrsa céime, agus sin i dtír ar de shliocht éigin Éireannach 25% den phobal. Ní bheadh súil agat le slua i rang Gaeilge ar bith, ach d’fhéadfaí deichniúr ar a laghad a mhealladh chun céim a mbeadh Gaeilge ina cuid di. Ceann de na deacrachtaí atá ann, áfach, is ea stádas neamhdhainnean na nadaonnachtaí; ní thig leo íoc astu féin, rud nach dtaitníonn le bainisteoirí airgeadais ná le roinnt acadóirí sinseartha.

Rud eile is cuid suntais sna cúrsaí seo neart an Léinn Éireannaigh i gcoitinne i Meiriceá Thuaidh. Déarfá, fiú, go bhfuil an iomarca scoláirí báite agus sáite sa léann céanna agus gurbh fhearr do chuid acu ábhar eile, nó ceird eile féin, a ghlacadh chucu. Ach go maire an Ghaeilge thall ar a slí aisteach féin.



Comhairle

Rialtas nua in Éirinn, beartas nua i leith na Gaeilge, agus daoine leathshásta nó míshásta dá bharr. Comhairle á tabhairt don rialtas, mar is gnáth, ag na heolaithe, agus Donncha Ó hÉallaithe, saineolaí aitheanta, ina measc.²

Tá aird aige, mar is gnách leis, ar an nGaeltacht agus ar a cuid teorainneacha. Is fada nár thug siad siúd léargas cruinn ar fhíor-raon na Gaeltachta, agus i bhfad Éireann níos mó Béarlóirí ná cainteoirí Gaeilge le fáil laistigh díobh. Is beag polaiteoir a bheadh sásta an scéal a réiteach, ó tá vótaí náisiúnta agus áitiúla le fáil ó na buntáistí a bhaineann le stádas ‘speisialta’ an réigiúin.

Deir Ó hÉallaithe gur cheart triúr coimisinéirí a cheapadh agus sé mhí a thabhairt dóibh chun moltaí a chur faoi bhráid an rialtais maidir leis na teorainneacha a athshocrú. Mholfadh sé go ndéanfaí gach pobal Gaeltachta a aicmiú A, B nó C de réir neart na teanga ann (mar a rinneadh sa *Staidéar Cuimsitheach* 2007). Bheadh faille ag aon phobal nach raibh sásta le hathbheithniú a iarraidh ach ní bheadh baint ag polaiteoirí leis an scéal.

¹ ‘Irish language programs growing in strength,’ *The Irish Echo*, 14/4/2011: www.irishecho.com. Féach freisin <http://www.acisweb.com/index.php>.

² ‘Céard is ceart don rialtas nua a dhéanamh faoin ngéarchéim teanga?’ Donncha Ó hÉallaithe, *Beo*, Eagrán 120, Aibreán 2011: www.beo.ie.

Thiocfadh neart daoine leis maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, reachtaíocht a bhfuil athbhreithniú le déanamh uirthi. Deir mo dhuine gur chóir leasú a dhéanamh ar Alt 11, alt a chuireann dualgas reachtúil ar os cionn 600 eagrais stáit cáipéisí toirtiúla teicniúla, ar nós tuarascálacha bliantúla agus cuntais airgeadais, a fhoilsíú 'go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla'. Is cur amú airgid é seo, dar leis, atá ag tarraingt droch-cháil ar an Acht Teanga. Scoth na droch-Ghaeilge atá sna haistriúcháin.

Maidir leis an Straitéis 20 Bliain, plean daingnithe na teanga, deir Ó hÉallaithe gur chóir fáil réidh leis an sprioc de 250,000 cainteoir laethúil Gaeilge a bheith ann lasmuigh den chóras oideachas faoin mbliain 2030. Go bhfios dó, níl aon saineolaí teangeolaíochta sásta a rá go poiblí gur féidir an sprioc sin a bhaint amach. Mar sin féin, deir a lán teangeolaithe gur deacair do theanga a bheith buan gan an oiread sin cainteoirí.

Cúis inní eile is ea staid na Gaeilge sa Státchóras, go háirithe ó admhaíonn an Roinn Oideachais féin nach bhfuil ach 1.5% den fhoireann riaracháin in ann déileáil leis an bpobal i nGaeilge. Dá bhrí sin, a deir mo dhuine, caitear airgead ar sheirbhísí aistriúcháin nach mbeadh le caitheamh dá n-earcófaí foireann le Gaeilge. Caitheann a chinntiú go bhfuil daoine á n-earcú atá in ann a gcuid oibre a dhéanamh go paiteanta trí Ghaeilge.

Ag caint arís ar an nGaeltacht: 'Tá géarchéim teanga sna ceantair Ghaeltachta is láidre againn: le fada tá déagóirí ag diúltú don Ghaeilge mar theanga chumarsáide lena gcomhaoisigh agus go deimhin tá an galar sin sin leathnaithe chuig an té atá breis is fiche bliain d'aois chomh maith. Deacair a rá céard is féidir a dhéanamh faoi...' Déanann sé roinnt moltaí – campaí samhraidh agus eile – ach léiríonn na moltaí féin nach bhfuil súil le leigheas. In áiteanna eile atá an teanga préamhaithe anois.



Gaelscoil na Mí

Tá réiteach déanta anois ar an racán a rinneadh faoi Ghaelscoil nua Ráth Tó i gContae na Mí, scoil ar theip uirthi aitheantas a fháil ón Roinn. Tá Gaelscoil na Cille le fáil cheana i gCill Dhéagláin, agus tá an dá scoil le teacht le chéile mar aon áit amháin. Gaelscoil na Mí a thabharfar ar an scoil nua, ach ní foláir anois suíomh a aimsiú di, deacracht a bhfuil luacht gaelscolaíochta an-chleachta léi.

Tá Cill Dhéagláin ag fás, agus tá méadú 17% tagtha ar líon na ndaltaí atá ag clárú sna bunscoileanna ón mbliain 2005 i leith. B'fhéidir nach fada go mbeadh Ráth Tó agus Cill Dhéagláin ina mbuachbhailte de chuid Bhaile Átha Cliath, agus is dócha gur sa chathair sin atá formhór an phobail áitiúil ag obair. Tá bunscoileanna de dhíth ar an áit, rud a théann ar sochar don gaelscolaíocht.



Gaeilge bhruachbhailteach

Comhartha eile ar bhruachbhailteachas na Gaeilge in Éirinn – suíomh nua Gaeilge i mBaile Átha Cliath 15 atá curtha ar bun ag Darren Mac an Phríora, gníomhaí a bhí ar fostú trath ag Gael-Taca agus é ag cur comharthaíochta ar fáil sa teanga. Iriseoir is ea Mac an Phríora agus clár cúrsaí reatha aige i nGaeilge ar NearFM.

An té a fhéachann ar www.bac15.blogspot.com feicfidh sé na háiteanna ar fhág mo dhuine a rian orthu agus áiteanna eile a bhfuil a gcomharthaíocht Ghaeilge féin acu. Tá roinnt scéalta ann freisin, agus fáilte roimh a thuilleadh. Baineann ceann de na scéalta sin leis an ngaelscoil nua atáthar ag iarraidh a bhunú ann, comhartha eile arís ar neartu na Gaeilge mar theanga fho-uirbeach.

Tá an tsean-Ghaeltacht ar an dé deiridh agus tá príomhchathair na tíre ag spré gan stad. Tá na bruachbhailte ina meánlimistéar, áit a bhfuil cónaí ar mheánphobal na tíre agus ar gá don Ghaeilge baint fúithi ann. D'ainneoin sheanreitic na heisintiúlachais a d'fhág an Athbheochan ina diaidh (agus a bhfuil a rian le haithint fós ar fhógraí an Chonartha) cuireann na bruachbhailte ar fáil láithreán an déchultúrachais agus an mheascáin, an Béarla agus an Ghaeilge ag dul i gcuibhreann le chéile, an dara teanga ag bláthú léi gan staonadh i mbearnaí a dhéanann sí di féin.

Ní shéanfaí ná go bhfuil na gaelscoileanna ina gcuid riachtanach de seo, ach tá rud eile ina dteannta – daoine a théann céim níos faide ná an gnáthdhuine ar son na teanga, ar chúis amháin nó ar chúis eile. Taobh thiar de sin, ar ndóigh, tá an tseanbharúil nach mór don teanga a bheith beo ar son na sainiúlachta náisiúnta, cé gurb annamh a dhéantar an tsainiúlacht sin a scagadh agus a mhionscrúdú sa saol fo-uirbeach.

As na bruachbhailte, is dócha, a thioctaidh an chuid is mó den *patois* a dtabharfar Gaeilge uirthi feasta – teanga a mbeidh blas agus dath an Bhéarla go soiléir uirthi ach a bheidh ina teanga bhríomhar mar sin féin.



Triomach, tuilte agus an fharraige thar tairseach isteach

San Astráil – an t-oileán is mó agus is tirime ar domhan – tá an-spéis sa rian a d'fhéadfadh an forthéamh domhanda a fhágáil ar shaol na ndaoine. Tá taithí ag Astrálaigh ar thriomaigh agus ar thuilte, agus, más fíor, tá a thuilleadh i ndán dóibh. Ní nach ionadh, cuireann an CSIRO (Commonwealth Scientific and Industrial Research Organisation), ceann d'éagraíochtaí móra taighde an domhain, an-suim san athrú aeráide, agus tá neart fianaise bailithe acu. Admhaítear go bhfuil neamhchinnteacht ag roinnt le cuid de na cúiseanna agus de na torthaí, ach is beag sceipteach atá le fáil ann.

De réir an taighde atá déanta, tá ardú gan choinne faoi astúcháin CO₂, faoin teocht agus faoi leibhéal na farraige ar fud an domhain. Os cionn an talaimh agus sna leithid is airde den leathchrinne thuaidh is mó a tharla an forthéamh. Ach mhéadaigh teocht na farraige 0.10 °C idir na blianta 1961 agus 2003, chomh fada síos le 700 méadar. San Astráil tá an meánteocht méadaithe 0.9 °C ón mbliain 1950 i leith, agus tharla na hathruithe aeráide is déanaí níos tapa ná aon athrú den sórt sin atá tite amach le 1,800 bliain ar a laghad. Ag seo na torthaí:

- * cúlú na n-oighearshruthanna agus an oighir mhara
- * laghdú 10-15% ar an oighear mara Antartach agus laghdú 40% ar a thiús
- * laghdú 40% ar dhóimhne an tsneachta le dhá scór blianta anuas i Sliabh Alpa na hAstráile
- * leibhéal na farraige á ardú 20 mm gach ndeich mbliana le caoga bliain anuas
- * cúpláil agus imirce na n-éan ag athrú
- * plandaí agus ainmhithe ag bogadh leo i dtreo an phoil agus in airde
- * méadú ar bhánú coiréil de bharr an fharraige a bheith níos teo

Níl forthéamh den sórt seo neamhchoitianta ar fad i stair gheolaíoch an Domhain. Tá oighearaoiseanna agus tréimhsí idiroighreacha ag titim amach leis na milliúin bliain, agus baint acu le fithis neamhrialta an Domhain. San oighearaois mhór dhéanach ní raibh an mheánteocht dhomhanda ach 3-5 °C níos fuaire ná mar atá sí inniu ach bhí leibhéal na farraige 120 méadar níos ísle. Timpeall 125,000 bliain ó shin ghabh ár sinsir trí thréimhse idiroighreacha a raibh na poil 3-5 °C níos teo ná mar ata siad inniu agus leibhéal na farraige timpeall 4-6 méadar níos airde dá bharr. Tagann toradh mór ar athrú beag.

Fágann sin an scéal mar atá sé againn inniu. Nuair a éiríonn uisce níos teo téann sé i méid, agus is é an borradh teirmeach seo is cionsiocair le hardú na farraige. Is í an phríomhchúis eile atá leis leá na n-oighearshruthanna agus na hoighearchaidhpeanna, agus leá oighearchlúideanna an Antartaigh agus na Gríonlainne ag cuidiú leis. D'éirigh meánleibhéal domhanda na farraige beagnach 20 cm idir na blianta 1870 agus 2007. D'éirigh an meánleibhéal 1.7 mm in aghaidh na bliana san aois seo caite agus 3.4 mm idir na blianta 1993 agus 2007.

Le caoga bliain anuas, ar fud an domhain, tá níos lú laethanta agus oícheanta fuara ann agus breis laethanta agus oícheanta teo, in éineacht le breis tonnta teasa. Tá ceathanna troma báistí ag titim níos minice. Ón mbliain 1900 i leith tá i bhfad níos mó báistí ag titim in oirthear Mheiriceá Thuaidh, i dtuaisceart na hEorpa, i gcuid den Áise agus in iarthuaisceart na hAstráile. Os a choinne sin, tá níos lú báistí ag titim i lár agus i ndeisceart na hAfraice, sa Mheánmhuir agus i gcuid de dheisceart na hÁise. Ón mbliain 1950 i leith tá oirthear agus iardheisceart na hAstráile ag éirí i bhfad níos tirime.

I gCríoch Thuaisceartach na hAstráile faoi láthair tá uisce atá truaillithe le húrániam i mbaol sceitheadh ó mhianach ollmhór Ranger de bharr a bhfuil de bháisteach ag titim sa réigiún sin le tamall anuas – aimsir nach

raibh súil léi. Tá réigiún fíorálainn Kakadu i gcontúirt mhór. Ní gá go mbeadh baint aige sin leis an bhfortheamh chun a léiriú cén toradh a d'fhéadfadh teacht ón athrú atá romhainn. Ach tá na treochtaí fadtéarmacha aeráide seo ag titim amach in éineacht le comhathruithe aimsire a thiteann amach go nádúrtha. Is féidir le rudaí dul i bhfeabhas nó in olcas de réir comhathruithe gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon, agus ní gan dua a gheofaí amach cad is cúis le hathruithe áitiúla teochta agus le sainimeachtaí aimsire.

Tá neamhchinnteacht ag baint le trí rud go háirithe:

*Oibriú na haeráide fisiciúla. Mar shampla, cén tionchar atá ag aerasóil ar an aeráid?

*Samhaltú réamh-mheasta na haeráide. Mar shampla, conas is féidir linn dáileadh na báistí a bheidh ann feasta a shamhaltú?

*Iompar na ndaoine sa saol atá le teacht. Mar shampla, cé chomh luath is a fhásfaidh geilleagair nua agus conas a rachaidh seo i bhfeidhm ar a gcuid gás ceaptha teasa agus aerasól?

Cé nach bhfuil lántuiscint againn ar an athrú aeráide, tá eolas ár ndóthain againn chun beartas a dhéanamh agus gníomhú dá réir. D'fhéadfadh na rudaí a leanas dlús a chur le hathrú na haeráide:

*Sceitheadh na ngás ceaptha teasa ón talamh síorshiochta, rud a bhaineann leis an méid dí-ocsaíde carbóin is féidir leis an timpeallacht nádúrtha a shú agus an teocht ag ardú.

*An méid teasa is féidir leis an bhfarraige a shú agus an t-oighear mara ag cúlú.

I mbliana tá 450 eolaí aeráide ag teacht le chéile i gCairns i gcomhair comhdháil dhébhlíantúil chun gach gné den athrú aeráide a chíoradh. Tá suim acu sa neamhchinnteacht a bhí ag baint riamh leis an eolaíocht seo, agus ní mór a chuimhneamh go bhfuil os cionn fiche mionsamhail aeráide ann. Tá leibhéal nua na farraige ag brath ar rud nach bhfuil cinnte – luas leáite na n-oighearchlúideanna.

Pé amhras a bheadh ar dhaoine éigin faoi lorg an duine ar an bhfortheamh, ar éigin is féidir a rá anois nach bhfuil an fortheamh ann. Beidh a rian sin ar dheisceart an domhain. Deir an CSIRO go bhfuil na haigéin thrópaiceacha ag éirí níos teo agus níos aicídí de bharr gáis cheaptha teasa ar nós dí-ocsaíd charbóin. Beidh tionchar aige seo ar chothú na sceireanna coiréil agus ar an turasóireacht a bhaineann leo. Tá teacht aniar sna sceireanna, ach d'fhéadfadh an Sceir Mhór Bhacainneach imeacht níos luaithe ná mar a tháinig.

Féach http://www.csiro.au/resources/Climate-is-changing--ci_pageNo-1.html.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

Leaganacha Simplí

Comhdháil Ghaeilge

Is gearr ó bhí an American Conference for Irish Studies (ACIS) ar siúl in Ollscoil Madison in Wisconsin (30 Márta – 2 Aibreán), agus timpeall 350 duine ann. *Global Networks and Local Ties* a bhí mar théama acu. Bhí seacht nOllamh Gaeilge ó ollscoileanna éagsúla i Meiriceá ag plé ‘The Irish Language Abroad’.

Shíl siad gur dheacair breis daoine a mhealladh³ chun na ranganna Gaeilge ach go raibh dul chun cinn á dhéanamh. Shíl gach duine gur chóir oifig a chur ar bun i Nua Eabhrac chun cabhair a thabhairt do mhúinteoirí Ghaeilge ar fud na Stát Aontaithe agus Cheanada.⁴

San Astráil níl ach ollscoil amháin san Astráil (Sydney) atá ag múineadh na Gaeilge mar chuid de chúrsa céime.⁵ Ach ní furasta a leithéid de chúrsa a chur ar bun. Tá stádas neamhdhaingean ag na daonnachtaí⁶ ina lán ollscoileanna toisc nach féidir leo íoc astu féin.

Comhairle

Tá rialtas nua ann in Éirinn agus beartas nua acu i leith na Gaeilge.⁷ Tá Donncha Ó hÉallaithe ar na saineolaithe atá ag tabhairt comhairle neamhoifigiúil dóibh.

Is dóigh leis féin agus le mórán daoine eile go bhfuil sé in am⁸ teorainneacha na Gaeltachta a athshocrú,⁹ agus an oiread sin Béarlóirí ina gcónaí ann. Deir gur ceart triúr coimisinéirí a cheapadh chun an obair a dhéanamh. Ní bheadh baint ag polaiteoirí leis an scéal. Admhaíonn sé go bhfuil déagóirí ag diúltú don Ghaeilge¹⁰ sa Ghaeltacht agus gur deacair a rá cad is féidir a dhéanamh faoi.

Tá athbhreithniú¹¹ le déanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla. Deir Ó hÉallaithe gur chóir leasú a dhéanamh ar Alt 11, alt a chuireann dualgas reachtúil¹² ar eagraíochtaí stáit cáipéisí toirtiúla a fhoilsiú i mBéarla agus i nGaeilge. Deir sé nach fiú leaganacha Gaeilge a dhéanamh. Tá na haistriúcháin go dona agus tá droch-cháil á tarraingt ar an Acht.¹³

Deir Ó hÉallaithe gur chóir fáil réidh leis an sprioc¹⁴ de 250,000 cainteoir laethúil Gaeilge a bheith ann lasmuigh den chóras oideachas faoin mbliain 2030. Go bhfios dó,¹⁵ níl aon saineolaí sásta a rá go poiblí gur féidir an sprioc sin a bhaint amach. (Mar sin féin, deir a lán teangeolaithe gur deacair do theanga a bheith buan gan an oiread sin cainteoirí.)

Deir sé go bhfuil staid na Gaeilge sa Stáitchóras go han-dona, agus go gcuirtear airgead amú¹⁶ ar sheirbhísí aistriúcháin. Ní bheadh gá leo dá mbeadh Gaeilgeoirí líofa á n-earcú.

Triomach, tuilte agus an fharraige thar tairseach isteach

San Astráil tá an CSIRO (Commonwealth Scientific and Industrial Research Organisation) ag taighde taighde mór ar an athrú aeráide. Is beag sceipteach atá le fáil ann.

³ breis daoine a mhealladh – to attract more people

⁴ ‘Irish language programs growing in strength,’ *The Irish Echo*, 14/4/2011: www.irishecho.com. Féach freisin <http://www.acisweb.com/index.php>.

⁵ Cúrsa céime – degree course

⁶ Na daonnachtaí – the humanities

⁷ I leith na Gaeilge – with regards to Irish

⁸ Go bhfuil sé in am – that it is time

⁹ Athshocrú – re-arrange

¹⁰ Ag diúltú don Ghaeilge – giving up the use of Irish

¹¹ Athbhreithniú – review

¹² Dualgas reachtúil – legal obligation

¹³ Tá droch-cháil á tarraingt ar an Acht – the Act is gaining a bad reputation

¹⁴ Fáil réidh leis an sprioc – get rid of the aim

¹⁵ Go bhfios dó – to his knowledge

¹⁶ Go gcuirtear airgead amú – that money is wasted

De réir an taighde atá déanta, tá ardú gan choinne¹⁷ faoi astúcháin¹⁸ CO₂, faoin teocht agus faoi leibhéal na farraige ar fud an domhain. Luaitear na rudaí a leanas: cúlú na n-oighearshruthanna¹⁹ agus an oighir mhara; leibhéal na farraige á ardú 20 mm gach ndeich mbliana le caoga bliain anuas; cúpláil²⁰ agus imirce na n-éan ag athrú; plandaí agus ainmhithe ag bogadh leo i dtreo na bPol.²¹

Tharla an forthéamh²² cheana. Timpeall 125,000 bliain ó shin bhí na Poil 3-5 °C níos teo²³ ná mar ata siad inniu agus bhí leibhéal na farraige timpeall 4-6 méadar níos airde dá bharr. Sa ré seo d'éirigh meánleibhéal domhanda na farraige beagnach 20 cm idir na blianta 1870 agus 2007.

Le caoga bliain anuas, ar fud an domhain, tá laethanta teo agus tonnta teasa²⁴ ag titim amach²⁵ níos minice. Tá ceathanna troma ag titim níos minice. Tá oirthear agus iardheisceart na hAstráile ag éirí i bhfad níos tirime. Chomh maith leis sin tá a lán athruithe áitiúla ag titim amach, cé nach furasta a rá cad is cüis leo.

Tá neamhchinnteacht²⁶ ag baint le hoibriú na haeráide fisiciúla, samháltú réamh-mheastú²⁷ na haeráide, agus iompar²⁸ na ndaoine sa saol atá le teacht.

D'fhéadfadh na rudaí a leanas²⁹ dlús a chur le hathrú na haeráide: an gás ceaptha teasa³⁰ atá ag sceitheadh ón talamh síorshioctha³¹ agus é sin ag leá, agus an méid teasa is féidir leis an bhfarraige a shú.

Cé nach bhfuil lántuiscint againn ar an athrú aeráide, tá eolas ár ndóthain againn chun beartas a dhéanamh agus gníomhú dá réir.³²

¹⁷ Gan choinne - unexpected

¹⁸ Astúcháin - emissions

¹⁹ Oighearshruthanna - glaciers

²⁰ Cúpláil - mating

²¹ Ag bogadh leo i dtreo na bPol – moving on towards the Poles

²² Forthéamh – (global) warming

²³ Níos teo - warmer

²⁴ Tonnta teasa – heat waves

²⁵ Ag titim amach - occurring

²⁶ Neamhchinnteacht - uncertainty

²⁷ samháltú réamh-mheasta – climate prediction modelling

²⁸ Iompar - behaviour

²⁹ D'fhéadfadh na rudaí a leanas – the following could

³⁰ Gás ceaptha teasa – greenhouse gas

³¹ Talamh síorshioctha - permafrost

³² Gníomhú dá réir – act accordingly